
LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH



# Scéim Siúlóide agus Rothaíochta ó Bhóthar Ghort na nGrás go hAscaill Vernon

## BILEOG EOLAIS

2.5km




## WHAT'S IN THIS LEAFLET?


1 Forbhreathnú ar an Tionscadal
2 An gá atá leis an Scéim
3 Buntáistí na Scéime
4 Príomhghnéithe
5 Cur isteach ar an Trácht
6 Sonraí Teagmhála


## 1 FORBHREATHNÚ AR AN TIONSCADAL

Seachadfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) an Líonra Taistil Ghníomhaigh trí shraith tionscadal bonneagair le linn na nocht mbliana amach romhainn. Fásfaidh an Líonra Taistil Ghníomhaigh ón 10 km atá ann cheana ina líonra nasctha 310 km ar fud na cathrach. Cuirfidh sé seo Líonra Taistil Ghníomhaigh ar fáil atá níos sábháilte, níos ionchuimsithí agus níos ceangailte agus atá inbhuanaithe.

Sainaithníodh na bóithre seo a leanas mar bhóithre atá feiliúnach le haghaidh beartais taistil ghníomhacha is féidir a dhéanamh go tapa: Bóthar Ghort na nGrás, Ascaill Choill an tSruth※áin, Bóthar Chnoc Shibéal agus Ascaill Vernon. Déanfaidh an scéim seo 2.5 km de chonairí rothaíochta cosanta a sheachadadh agus cuirfidh sí feabhas ar áiseanna coisí ar fud an bhealaí.


Tionscadal Eireann
Project Ireland
2040

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## 2 AN GÁ ATÁ LEIS AN SCÉIM

- Nasc a chur ar fáil chuig scéimeanna taistil ghníomhaigh agus chuig scéimeanna iompair phoiblí lena náirítear; Stáisiún DART Bhaile Hearmann, Naisc Bhus: Dromlaigh D agus H, S2S Conair an Chósta Thoir agus Scéimeanna Taistil Ghníomhaigh Baile Dúill go Fionnradharc
- Feabhas a chur ar naisc go Páirc San Anna agus ar roinnt áiseanna pobail eile
- Feabhas a chur ar roinnt ionad oideachais ar fud an bhealaí lena náirítear; Coláiste Naomh Pól, Scoil Náisiúnta Bhríde agus Scoil Chaitliceach Chreidimh Naofa Mhuire

## 3 BUNTÁISTÍ NA SCÉIME

- Áiseanna rothaíochta cosanta ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun freastal ar gach aoisghrúpa agus ar rothaithe de gach cineál cumais
- Stíl mhaireachtála níos gníomhaí a éascú le haghaidh gach aoisghrúpa agus buntáistí éagsúla ann le haghaidh folláine fhisiciúil agus mheabhrach
- Cur le laghdú sna hastaíochtaí iompair i dtreoir le cuspóirí an
- Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide trí athrú córa iompair i dtreo taisteal gníomhach a spreagadh

## 4 PRÍOMHGHNÉITHE

**Bóthar Ghort na nGrás, Ascaill Choill an tSrutháin, Ascaill Vernon**

Tá sé ceaptha raonta rothar a dhéanfar go tapa a chur ar fáil ar dhá thaobh an bhóthair. Gearrfar na cosáin leithne siar beagán chomh maith leis na ciumhaiseanna féir agus déanfar iad a chúngú. Fágfaidh sé seo go mbeifear in ann raonta rothar aontreo a chur isteach ar an dá thaobh den bhóthar mar aon le colbhaí easbhrúite, ar a mbeidh dromchla asfailt. Seans go gcaithfear na cuaillí solais a chur siar, chomh maith le comharthaí agus soilse tráchta chun na ciumhaiseanna a ghearradh siar. Beidh sé mar aidhm ag DCC é seo a dhéanamh a laghad agus is féidir.

D'fhágfadh an rogha seo go mbeifí in ann an spás bóthair a athshannadh ón gcarrbhealach atá ann anois go taisteal gníomhach. Má ghearrtar siar ar an méid spáis bóthair d'fheithiclí laghdóidh sé an luas tráchta agus beidh sé níos sábháilte d'úsáideoirí soghonta bóithre. Cuirfidh sé feabhas ar áiseanna crosaire do choisithe ar na taobhbhóithre de bharr go ndéanfar acomhail a chúngú.

Chomh maith leis sin, bainfear na pócaí casadh ar dheis amach ar Ascaill Choill an tSrutháin agus ar Bhóthar Shibéal i dtreo Bhóthar Bhinn Éadair ionas go mbeifear in ann raonta rothar a chur isteach.

Bainfear amach an sliosbhóthar clé d'fheithiclí ar na hacomhail ar Bhóthar Ghort na Mara / ar Ascaill Vernon, rud a chuirfidh feabhas orthu.

## Zóin Scoile

Cuirfear na "zóin scoile" i bhfeidhm lasmuigh de Scoil Buachaillí Náisiúnta Bhríde agus de Choláiste Naomh Pól ar Bhóthar Chnoc Shibéal. D'fhéadfadh go mbeadh idirghabhálacha ag baint leis na "zóin scoile" ar nós marcanna bóthair bunaithe ar dhathanna, mullaird a bhfuil cuma pinn luaidhe orthu agus dromchlú frithchuimilte troime. Deimhneofar na sonraí faoi leith a bhaineann leis na zóin scoile ag céim deartha shonraithe, tar éis dul i gcomhairle leis na scoileanna.






## Páirc San Anna (Bóthar Chnoc Shibéal)

Tá sé beartaithe go gcuirfear raonta rothar nua isteach ar an dá thaobh de Bhóthar Chnoc Shibéal. Coinneofar caoi ar pháirceáil sráide ar an taobh thoir den bhóthar trí lána rothar atá cosanta ag an bpáirceáil. Cuirfear maolairí isteach idir an lána rothar agus an carrchlós. Ní cheadófar páirceáil ar an taobh thiar den bhóthar de bharr an raoin rothar easbhóthair. Méadófar na cuasa páirceála do dhaoine faoi mhíchumas agus an pháirceáil rothar ag teacht isteach na páirce agus cuirfear ar an taobh eile den bhóthar í.





## 5 CUR ISTEACH BEAG AR AN TRÁCHT AGUS SUITEÁIL Á DÉANAMH

Meastar go gcuirfear tús le hoibreacha suiteála na Scéime Taistil Ghníomhaigh is féidir a dhéanamh go tapa faoi R2 2024. Chun an scéim seo a sheachadadh, beidh roinnt cur isteach beag ar an trácht sa cheantar. Déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar lenár gconraitheoir ár ndícheall é seo a íoslaghdú a oiread agus is féidir.

## 6 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Tá rannpháirtíocht an phobail á lorg againn maidir leis an moladh scéime reatha. Más mian leat breathnú ar thuilleadh faisnéise nó aighneacht a dhéanamh chuig DCC maidir leis an Scéim ó Bhóthar Ghort na nGrás go hAscaill Vernon, féach ar na roghanna thíos:

- https://consultation.dublincity.ie/ (Dean scanadh orm)
- activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar: Bóthar Ghort na nGrás go hAscaill Vernon
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach, Bloc 1, Urlár 6, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3F.
- Is féidir na líníochtaí ar fad a fheiceáil i bhformáid cóipe crua i Leabharlann Ráth Eanaigh, Bóthar Bhinn Éadair, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 5, D05 VY99, le linn na tréimhse comhairliúcháin.